Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13648/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0100 (COD)**

**ECOFIN 1310**
**CLIMA 410**
**FIN 1165**
**ENV 966**
**ENER 502**
**COMPET 981**
**CADREFIN 243**
**CODEC 1470**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 623 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2025, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/1229 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 623 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 623 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.10.2025
COM(2025) 623 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2025, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/1229

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2025, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/1229**

# 1. RÉAMHRÁ, CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME NA TUARASCÁLA SEO

I mí na Nollag 2019, ghlac an Coimisiún Eorpach Comhaontú Glas don Eoraip le haghaidh an Aontais Eorpaigh agus a shaoránach[1], ar comhaontú é lena meabhraítear a thiomanta atá an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus ina leagtar amach an gá atá le haistriú a dhéanamh ar bhealach cothrom cuimsitheach.

I mí Eanáir 2020, thug an Coimisiún eolas faoi Shásra um Aistriú Cóir mar chuid de Phlean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[2], chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ná aon réigiún ar lár san aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach. Is é príomhsprioc an tsásra tacaíocht a sholáthar do na réigiúin agus na daoine is mó a ndéantar difear dóibh agus cuidiú leo trí chostais shocheacnamaíocha an aistrithe a mhaolú. Tá trí cholún sa Sásra um Aistriú Cóir: 1) an Ciste um Aistriú Cóir, 2) scéim Sásra um Aistriú Cóir thiomnaithe faoi Chlár InvestEU, 3) an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí (SIEP nó ‘an tSaoráid).

Sa cheathrú[3] tuarascáil bhliantúil seo ar chur chun feidhme, a ullmhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 16(3)[4] de Rialachán (AE) 2021/1229[5] (‘Rialachán SIEP’), dírítear ar an tríú colún. Is é is aidhm dó faisnéis a chur ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo i gcur chun feidhme SIEP.

Tá an tuarascáil seo carnach ó thús chur chun feidhme SIEP go dtí an 31 Iúil 2025. Déanfar an chuid eile den bhliain 2025 a thuairisciú sa chéad tuarascáil eile i gcomhréir le hoibleagáidí tuairiscithe SIEP (féach na mionsonraí i Roinn 1.2). Sa tuarascáil seo, baintear úsáid as na hanailísí agus na conclúidí ón meastóireacht eatramhach fhorleathan ar SIEP, a chuirtear i láthair i Roinn 3.

Soláthraítear faisnéis sa tuarascáil seo maidir le (i) torthaí an chéad ghlao ar thograí SIEP le haghaidh na naoi sprioc-am aighneachta, lena n- áirítear tograí tionscadail féideartha, (ii) cúnamh teicniúil, (iii) cumarsáid, (iv) dul chun cinn atá déanta, lena n- áirítear dúshláin agus láidreachtaí SIEP, agus (v) na chéad chéimeanna eile.

De bhun Airteagal 17 de Rialachán SIEP, déanfar meastóireacht eatramhach ar SIEP agus cuirfear tuarascáil mhionsonraithe ar leithligh ar an meastóireacht eatramhach sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún – An Comhaontú Glas don Eoraip – COM(2019) 640 final, 11.12.2019.

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *Sustainable Europe Investment Plan-European Green Deal Investment Plan* [Plean Infheistíochta don Eoraip – Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip] – COM(2020) 21 final, an 14.1.2020.

3 Cuireadh an chéad tuarascáil cur chun feidhme faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 7 Feabhra 2023, an dara tuarascáil an 21 Samhain 2023, agus an tríú tuarascáil an 30 Meán Fómhair 2024.

4 De réir Airteagal 16(3) de Rialachán SIEP, ‘*faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain féilire, ag tosú le 2022, eiseoidh an Coimisiún tuairisc faoi chur chun feidhme na Saoráide. Sa tuairisc sin, cuirfear faisnéis ar fáil maidir le leibhéal chur chun feidhme na Saoráide i ndáil lena cuspóirí, lena coinníollacha agus lena táscairí feidhmíochta.*’

5 Rialachán (AE) 2021/1229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir (IO L 274, 30.7.2021).

## 1.1. Creat dlíthiúil agus buiséadach na saoráide iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir

Bunaíodh SIEP le Rialachán (AE) 2021/1229 an 14 Iúil 2021.

Is é cuspóir ginearálta SIEP aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thromchúiseacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a eascraíonn as an aistriú i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le haeráid agus fuinneamh agus as an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050 ar a dhéanaí, a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119[6], agus é sin a dhéanamh chun tairbhe chríocha an Aontais a aithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir[7].

Is é is cuspóir sonrach do SIEP infheistíochtaí na hearnála poiblí a ghiaráil lena dtugtar aghaidh ar riachtanais forbartha na gcríoch a shainaithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir. Déanann sé amhlaidh trí mhaoiniú na dtionscadal nach ngineann sreabha leordhóthanacha ioncaim chun a gcuid costas infheistíochta a chumhdach a éascú, agus ar an gcaoi sin an plódú as tacaíocht agus infheistíocht féideartha ó acmhainní malartacha a sheachaint.

Tá tacaíocht ar fáil do réimse leathan infheistíochtaí. Is féidir le SIEP tacú le hinfheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite agus sa tsoghluaisteacht ghlas agus inbhuanaithe, hidrigin ghlas a chur chun cinn, líonraí téimh ceantair éifeachtúla, taighde poiblí, digitiú, bonneagar comhshaoil le haghaidh bainistiú cliste dramhaíola agus uisce agus tionscnaimh sláinte poiblí. Is féidir le SIEP tacú freisin le bearta inbhuanaithe fuinnimh, éifeachtúlachta fuinnimh agus comhtháthaithe, lena n-áirítear athchóirithe agus tiontuithe ar fhoirgnimh, athnuachan uirbeach agus athghiniúint uirbeach, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, athchóiriú agus dí-éilliú talún agus éiceachórais, agus an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' á chur san áireamh, bithéagsúlacht, chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú, oiliúint agus bonneagar sóisialta, lena n-áirítear saoráidí cúraim agus tithíocht shóisialta[8].

Le Rialachán SIEP soláthraítear buiséad uasta iomlán EUR 1,525 billiún i dtacaíocht ón Aontas le haghaidh chomhpháirt deontais na Saoráide (lena n- áirítear cúnamh teicniúil agus tacaíocht chomhairleach). I mí Feabhra 2024, thug Parlaimint na hEorpa toiliú, agus tháinig an Chomhairle ar chomhaontú d'aon toil maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar na huasteorainneacha caiteachais sa chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), a raibh laghdú EUR 150 milliún ar bhuiséad SIEP mar thoradh air. Tar éis na n- ath-imlonnuithe sin, is é EUR 1,375 billiún an buiséad uasta atá ar fáil do SIEP.

Faoi SIEP, déantar iasachtaí a sholáthraíonn an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) mar chomhpháirtí airgeadais a chomhcheangal le deontais a sholáthraíonn an tAontas chun tacú le tionscadail arna gcur isteach ag eintitis san earnáil phoiblí tar éis glao ar thograí. Cuirfidh BEI suas le EUR 7 mbilliún ar fáil do chomhpháirt iasachta SIEP. Cuireann BEI trí chineál iasachta ar fáil faoi SIEP: iasachtaí infheistíochta (tionscadail neamhspleácha arna maoiniú go díreach ag BEI), creatiasachtaí (ar a dtugtar scéimeanna iasachta freisin, lena maoinítear sraith tionscadal réamhchinntithe go díreach) agus iasachtaí idirghafa lena maoinítear tionscadail bheaga trí idirghabhálaithe airgeadais BEI.

Is i bhfoirm maoinithe nach bhfuil nasctha le costais atá an chomhpháirt deontais agus is mar chéatadán den iasacht a chinntear a méid. Is ionann an céatadán sin agus 15 %, nó 25 % má tá an

6 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021).

7 Mar a shainítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021).

8 Féach Aithris (6) de Rialachán SIEP.

tionscadal lonnaithe i réigiún nach bhfuil chomh forbartha céanna[9]. Dá bhrí sin, braitheann deonú deontais ar mhaoiniú formheasta BEI nó a idirghabhálaithe airgeadais[10]. Leis an gcéad ghlao ar dheontais, a bheidh ar oscailt go dtí deireadh 2025, roinntear an buiséad atá ar fáil ina scaireanna náisiúnta, bunaithe ar chóimheasa leithdháiltí an Chiste um Aistriú Cóir ('CUAC'). Leis an dara glao, lena bhfreastalófar ar an tréimhse 2026-2027, cuachfar na leithdháiltí náisiúnta nár úsáideadh

Chomh maith le BEI, oibríonn an Coimisiún go dlúth leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) maidir le cur chun feidhme SIEP. Tá CINEA freagrach as na gnéithe buiséadacha, dlíthiúla, airgeadais agus oibríochtúla de chur chun feidhme na ndeontas, agus tá an Coimisiún fós freagrach go hiomlán as gach gné a bhaineann le beartas.

## 2. Cur chun feidhme SIEP

### 2.1. Torthaí an chéad ghlao ar thograí SIEP tar éis naoi sprioc-am aighneachta

Ón tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme SIEP, tá trí sprioc-am aighneachta don ghlao ar thograí caite. Cuireadh 11 thogra incháilithe isteach thar na trí sprioc-am sin, agus roghnaigh an coiste meastóireachta ocht gcinn díobh le haghaidh cistiúcháin. Tá síniú an chomhaontaithe iasachta ar feitheamh i gcás fhormhór na dtionscadal sin[11]. Meastar gurb ionann na tograí a cuireadh isteach agus EUR 96 mhilliún san iomlán i ndeontais a iarradh ar an gCoimisiún agus thart ar EUR 658 milliún in iasachtaí ó BEI[12]. Ina theannta sin, bhí aon togra amháin neamh-inghlactha agus níor roghnaíodh trí thogra ón tSeicia, ón Laitvia ná ó Éirinn le haghaidh cistiúcháin toisc nár bhain siad amach an scór íosta a cheanglaítear faoi na critéir dhámhachtana.

San iomlán, ó seoladh an chéad ghlao ar thograí SIEP[13] an 19 Iúil 2022, cuireadh 49 dtogra isteach, ar dearbhaíodh 32 díobh a bheith incháilithe agus ar roghnaigh an coiste meastóireachta 24 díobh lena gcistiú. Taispeántar torthaí gach scoithdháta den Ghlao in Iarscríbhinn I. De réir na faisnéise a sholáthraítear sna hiarratais a roghnaítear le haghaidh cistithe agus sna comhaontuithe deontais, is ionann iad agus méid measta EUR 225 mhilliún i ndeontais ón gCoimisiún agus méid measta EUR 1.83 billiún d'iasachtaí ó BEI[14]. Tráth ullmhaithe na tuarascála seo, síníodh 10 gcomhaontú deontais SIEP (féach tuilleadh sonraí i Roinn 2.2), cuireadh 3 chomhaontú deontais ar ceal[15], tá 12 chomhaontú deontais ar feitheamh go dtí go bhformheasfar an iasacht agus tarraingíodh siar aon togra amháin tar éis an roghnúcháin.

Úsáideadh clúdaigh náisiúnta don Fhrainc, don Spáinn agus don tSualainn ina n-iomláine nó beagnach ina n-iomláine. Beidh iarratasóirí ó na Ballstáit sin in ann tograí a chur isteach arís le haghaidh tacaíocht ó SIEP nuair a sheolfar an dara glao ar thograí SIEP i bhFómhar 2025. Is i mí Eanáir 2026 a bheidh an chéad sprioc-am aighneachta.

[9] Féach Airteagal 11 de Rialachán SIEP.

[10] Airteagal 18 de Shamhail-Chomhaontú Deontais an tSásra um Aistriú Cóir, atá ar fáil ar an tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' (europa.eu).

[11] Déanann na hiarratasóirí iarratas ar leithligh ar iasacht do BEI/idirghabhálaí airgeadais; dá bhrí sin, reáchtáiltear an próiseas iarratais ar iasacht i gcomhthráth leis an iarratas ar dheontas. Tá síniú an chomhaontaithe deontais faoi réir fhormheas na hiasachta. Féach tuilleadh sonraí i ndoiciméad glao ar thograí SIEP: call-fiche_jtm-2022-2025-pslf_en.pdf (europa.eu)


[12] Ní áirítear sa mhéid sin tograí a chuirtear ar an liosta ionadaithe.

[13] https://cinea.ec.europa.eu/funding-opportunities/calls-proposals/just-transition-mechanism-public-sector-loan-facility-call-proposals_en

[14] Ní áirítear sa mhéid sin tograí a chuirtear ar an liosta ionadaithe.

[15] Arna iarraidh sin d'iarratasóirí nó gan iasacht BEI a fháil.

*Fíor 1 Scaireanna náisiúnta (forchoimeádta go dtí an 31 Nollaig 2025) agus a dtomhaltas trí dheontais arna ndámhachtain nó faoi mheasúnú*[16]




## 2.2. Tionscadail arna maoiniú ag SIEP

Go dtí seo, cumhdaítear leis na tograí tionscadail a roghnaigh coiste meastóireachta SIEP le haghaidh cistiú earnálacha amhail éifeachtúlacht fuinnimh, cultúr, tithíocht shóisialta, cúram sláinte, bonneagar iompair inbhuanaithe, téamh agus fuarú ceantair, nó athnuachan agus athghiniúint uirbeach. Tá liosta mionsonraithe de na tionscadail a maoiníodh go dtí seo le fáil in Iarscríbhinn 2. Maidir leis an gcineál iasachta a chomhfhreagraíonn do na deich gcomhaontú deontais sínithe, is iasachtaí infheistíochta neamhspleácha iad seacht gcinn de na tionscadail agus tá dhá cheann acu bunaithe ar scéim iasachta. I mí an Mheithimh 2025, síníodh an chéad chomhaontú deontais a bhaineann le hiasacht idirghafa a sholáthair an Banc Forbartha Náisiúnta sa tSeicia ó acmhainní BEI.

Leis an Rialachán maidir le SIEP, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisciú ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) seo a leanas: laghdú ar astaíochtaí $CO_2$, líon na bpost a cruthaíodh, agus líon na ndaoine a sroicheadh. Bunaithe ar fhaisnéis a chuir tairbhithe SIEP isteach, 179156 tona in aghaidh na bliana a mheastar a bheidh sna laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$. Meastar go nginfidh na tionscadail a mhaoinítear leis an tsaoráid sin beagnach 12 000 post agus go rachaidh siad chun tairbhe do bhreis agus 4 mhilliún duine trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha réigiúnacha. Áirítear in Iarscríbhinn 3 cairt lena léirítear PTFanna comhiomlánaithe, arna struchtúrú de réir Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán SIEP.

## 2.3. Tograí tionscadail féideartha

Bunaithe ar mhalartuithe le BEI agus le páirtithe leasmhara eile SIEP, tá tograí tionscadail atá lonnaithe in 14 Bhallstát á n-ullmhú agus féadfar iad a chur isteach fós faoin gcéad nó faoin dara glao ar thograí SIEP. Baineann na tograí féideartha sin le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, cúram sláinte, bonneagar iarnróid, bainistiú uisce, tithíocht inacmhainne, nó cultúr. Is dúshlán é measúnú a dhéanamh ar ghlacadh SIEP amach anseo. Cé nach dócha go dtarlóidh ionsú buiséid deontais iomláin sa chéad ghlao, is deis é an dara glao (2026-2027). Tá an Coimisiún ar an eolas faoi láthair faoi thionscadail a d'fhéadfadh a bheith ar na bacáin ag BEI agus a d'fhéadfadh suas le EUR 400 milliún i ndeontais a bheith i gceist leo. Tá cuid de na tograí tionscadail a bhfuil

[16] Is luachanna iad na leithdháiltí náisiúnta tar éis athbhreithniú CAI 2021-2027.

coinne leo ag baint tairbhe faoi láthair as na seirbhísí comhairleacha a chuireann Mol Comhairleach InvestEU ar fáil. Tá tuilleadh sonraí faoi na sanntaí sin le fáil i Roinn 4 agus in Iarscríbhinn 4.

Ina theannta sin, is féidir an t- éileamh ar thacaíocht faoi SIEP a thabhairt faoi deara sna Ballstáit a d'úsáid a leithdháiltí náisiúnta cheana. Is féidir a bheith ag súil go gcuirfear isteach na tograí ó na Ballstáit sin faoin dara glao ar thograí SIEP.

## 3. CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH Ó CHUR CHUN FEIDHME SIEP

Le linn chur chun feidhme SIEP, shainaithin an Coimisiún roinnt dúshlán agus láidreachtaí agus rinne sé gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an gcur chun feidhme a chur chun cinn, mar a shonraítear sna ranna seo a leanas.

### 3.1. Dúshláin

Tar éis beagnach 3 bliana ó foilsíodh an chéad ghlao ar thograí SIEP, is éard atá sa ráta ionsúcháin 17 % den bhuiséad iomlán. Is é is cúis leis sin den chuid is mó gur tharla an seoladh i gcomhthráth le clársceidealú cistí eile (i.e. CUAC, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa[17], an Ciste Comhtháthaithe[18] nó an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[19]) lena dtairgtear cistiú do thionscadail chomhchosúla a bhfuil dálaí níos tarraingtí acu (rátaí cómhaoinithe níos airde). Ina theannta sin, aithníodh go bhféadfadh cur chun feidhme SIEP a bheith an-éagsúil i measc na mBallstát bunaithe ar pharaiméadair amhail an líon foinsí malartacha cistithe atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta, infhaighteacht tionscadal aibí, na straitéisí éagsúla um aistriú cóir agus an cur chuige éagsúil maidir le hionstraimí bunaithe ar fhiachas atá ag tairbhithe incháilithe de chuid Ballstát éagsúil. Bhí leibhéal éagsúil tacaíochta ann freisin ó na húdaráis náisiúnta chun úsáid SIEP a chur chun cinn, agus e.g. an tSeicia, an Ghréig nó an Fhrainc an-ghníomhach ina leith sin.

Is ann fós d'fhormhór na srianta atá roimh SIEP a dtugtar tuairisc orthu sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme roimhe seo. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na mBallstát ag a bhfuil na clúdaigh náisiúnta is mó (an Ghearmáin, an Pholainn, an Rómáin), ar beag iarratas a rinneadh ar thionscadail iontu nó nach ndearnadh aon iarratas iontu. Sainaithníodh tosca sonracha is cúis le glacadh mall sna Ballstáit sin:

- leanann leithdháiltí náisiúnta SIEP cion leithdháiltí chistí Rialachán CUAC. Mar thoradh air sin, is ionann na Ballstáit a bhfuil na leithdháiltí is airde acu don dá ionstraim. Dá bhrí sin, tá siad dírithe ar thosaíocht a thabhairt do na cistí caiteachais atá ar fáil faoi CUAC i bhfianaise an ama theoranta atá ann chun a chistí a ionsú[20]. Ina theannta sin, cuireann CUAC cion níos airde de chistiú deontais ar fáil i mbuiséid fhoriomlána na dtionscadal (an Ghearmáin, an Pholainn, an Rómáin);

- is iondúil gurb iad na Ballstáit sin na tairbhithe is mó de chistí eile, dá bhrí sin d'fhéadfadh teorainn a bheith lena n-acmhainneacht acmhainní breise a ionsú agus píblínte tionscadal breise a shainaithint (an Pholainn, an Rómáin);

[17] Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) (europa.eu).
[18] An Ciste Comhtháthaithe (CC) (europa.eu).
[19] An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (europa.eu).
[20] Is éard atá i mbuiséad CUAC acmhainní a thagann ó CAI agus ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh nó 'Next Generation EU' (NGEU). Laistigh de na cláir CUAC a glacadh, tá acmhainní NGEU comhchruinnithe sna gealltanais bhuiséadacha do 2022 agus 2023, agus tá acmhainní CAI scaipthe idir 2021 agus 2027. Mar thoradh air sin, tá 70 % de bhuiséad CUAC comhchruinnithe sa chéad dá thráinse bhliantúla. Saorfaidh an Coimisiún na méideanna nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoinithe nó nár cuireadh iarratas ar íocaíocht faoina bhráid ina leith faoin 31 Nollaig den tríú bliain féilire tar éis bhliain na ngealltanas buiséadach, an riail 'N+3' mar a thugtar uirthi; breis faisnéise maidir le CUAC: Inforegio - Ciste um Aistriú Cóir (europa.eu).

- tá cistiú níos tarraingtí agus níos inrochtana ó acmhainní náisiúnta sa Bhallstát (an Ghearmáin);

- mar gheall ar leibhéal fiachais na dtairbhithe beaga, tá sé dúshlánach úsáid a bhaint as ionstraimí bunaithe ar fhiachas (an Pholainn) nó cuirtear cosc ar thairbhithe incháilithe iasachtaí a fháil le rialacháin náisiúnta iasachtaíochta poiblí (an tSlóvaic, an Ghearmáin);

- íosmhéid na hiasachta (EUR 12.5 milliún) a theastaíonn ó BEI le haghaidh oibríochtaí iasachtaithe dhírigh, mar aon le heaspa deiseanna maidir le hiasacht idirghafa (an tSeicia) a fhreastalaíonn ar thionscadail bheaga;

- ó thaobh nós imeachta de, ní rabhthas in ann tús a chur le hullmhú na dtionscadal go dtí go nglacfaí na pleananna críochacha um aistriú cóir, rud a thóg am breise ar roinnt Ballstát. Thairis sin, ní raibh an ionstraim nua sin faoi bhainistíocht dhíreach in ann brath ar thacaíocht shistéamach ó na húdaráis bainistíochta comhroinnte.

Déantar anailís agus measúnú níos mionsonraithe ar na dúshláin a tháinig chun cinn le linn chur chun feidhme SIEP sa mheastóireacht mheántéarma ar SIEP a eisíodh i mí an Mheithimh 2025.

### 3.2. Láidreachtaí

D'ainneoin na ndúshlán sin, tá méadú nach beag tagtha ar an spéis i SIEP. Is í an tsolúbthacht reatha an láidreacht is suntasaí atá ag SIEP i gcomparáid le tacair critéar roghnúcháin na nglaonna deontais faoi chistí príomhshrutha an bheartais comhtháthaithe. Cuireann sé ar chumas na dtionscnóirí tionscadail tionscadail a mhaoiniú atá saincheaptha do riachtanais forbartha na réigiún faoi seach. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na Fraince, ar rannchuidigh SIEP lena riachtanais chistithe nár thacaigh cláir chistithe eile de chuid an Aontais leo a chumhdach. Thairis sin, meastar freisin gur gné tharraingteach do thairbhithe SIEP é an réamh-mhaoiniú láithreach arb ionann é agus 70 % de mhéid an deontais sínithe.

Ina theannta sin, tá líon ard tograí curtha isteach agus tá coinne leo ón tSeicia. Féadfar na cúiseanna féideartha leis an nglacadh ard sin sa tSeicia a mhíniú leis an bhféidearthacht infheistíochtaí níos lú a mhaoiniú trí mhaoiniú idirghafa dá bhforáiltear leis an gcomhaontú a síníodh idir BEI agus Banc Forbartha Náisiúnta na Seice, infhaighteacht cúnaimh theicniúil chun SIEP a chur chun cinn, chomh maith le hullmhacht fhoriomlán na tíre cistiú an tSásra um Aistriú Cóir a ionsú. Chuir iarratasóirí ón nGréig, ón Ísiltír, ó Éirinn, ón bPolainn agus ón tSualainn tionscadail eile isteach agus tá coinne leis go mbeidh tuilleadh tionscadal ó Bhallstáit bhreise ann roimh dheireadh an ghlao atá ann faoi láthair ar thograí in 2025. Tá cobhsaíocht an ghlao ilbhliantúil nach bhfuil faoi réir athruithe tobanna ag cur leis an spéis mhéadaitheach i gcistiú SIEP le himeacht ama.

Maidir leis an dara glao SIEP a sheolfar i bhFómhar 2025, meastar go dtiocfaidh méadú breise ar an nglacadh toisc gur cheart foinsí eile maoinithe lena dtairgtear coinníollacha níos fearr a bheith clársceidealaithe nó ídithe a thuilleadh agus go bhfuil méadú ag teacht i gcónaí ar an eolas ar an ionstraim. Go sonrach, tá srianta sonracha ama ar chláir an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó Next Generation EU. Ina theannta sin, ní chuirfidh scaireanna náisiúnta srian a thuilleadh ar dhara glao SIEP, dá bhrí sin (i) féadfaidh na Ballstáit a bhfuil a scaireanna náisiúnta ídithe acu nó a bhfuiltear ag coinne leo go mbeidh a scaireanna náisiúnta ídithe acu faoi dheireadh 2025 leanúint d'úsáid a bhaint as, agus beidh níos mó ama ann le haghaidh pleanála i gcomparáid leis an uair a seoladh an ionstraim, (ii) beidh dreasacht bhreise anois ag na Ballstáit a bhfuil na scaireanna náisiúnta is ísle acu é a úsáid toisc nach mbeidh an deontas a iarradh teoranta a thuilleadh don mhéid a shocraítear faoi na scaireanna náisiúnta. Cuirfidh sé sin ar chumas SIEP freastal níos fearr ar na réigiúin a bhfuil an t- éileamh is mó orthu agus a bhfuil tionscadail aibí acu.

Ina theannta sin, tar éis beagnach 2 bhliain ó cuireadh tús le cur chun feidhme SIEP, deimhníodh go bhfuil breisluach soiléir ag baint le comhpháirt deontais SIEP d'éileamh iasachtaí BEI (mar mhalairt

ar aistrithe buiséid) ag eintitis san earnáil phoiblí a bheadh i gcás infheistíochta fo-optamaí murach sin, chun tacú le hinfheistíochtaí poiblí tábhachtacha sna réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. Cuireann SIEP coinníollacha cistiúcháin tarraingteacha foriomlána ar fáil i gcomparáid le hionstraimí atá ar fáil ar an margadh de ghnáth, ar coinníollacha iad a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo chun na srianta eacnamaíocha a d'eascair as géarchéim eacnamaíoch COVID-19 agus as iarmhairtí eacnamaíocha leanúnacha chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a shárú.

Tacaíonn iolraitheoir ard na comhpháirte deontais le héifeachtúlacht na comhpháirte deontais, arna ríomh ó na chéad infheistíochtaí a formheasadh. Is é 12 an meánchóimheas idir na hinfheistíochtaí iomlána arna slógadh agus deontas SIEP, idir íosmhéid 5.5 agus suas le 21.3. Ciallaíonn sé sin go slógann EUR 1 de dheontas SIEP EUR 12 ar an meán d'infheistíochtaí ar leibhéal na dtairbhithe, lena n-áirítear iasacht BEI.

### 3.3. Gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin

Leanann an Coimisiún, le tacaíocht ó CINEA agus ó BEI, de bheith ag múscailt feasachta faoi SIEP. Chuathas i dteagmháil leis na Ballstáit uile agus tugadh an deis dóibh tairbhe a bhaint as seisiún faisnéise tiomnaithe maidir le SIEP, inar chuir an Coimisiún, CINEA agus BEI gnéithe ginearálta SIEP agus an phróisis iarratais i láthair. Eagraíodh cruinnithe éagsúla le hionadaithe ó na Ballstáit uile.

Tar éis na chéad chéime de na gníomhaíochtaí cur chun cinn atá dírithe ar údaráis náisiúnta agus réigiúnacha, dhírigh an Coimisiún ar fheasacht a mhúscailt i measc iarratasóirí ionchasacha in earnálacha éagsúla a bhaineann le seirbhísí poiblí. Thug an Coimisiún aghaidh ar chomhlachais iomadúla atá lonnaithe sa Bhruiséil agus a dhéanann ionadaíocht ar institiúidí ó gach cearn den Eoraip atá gníomhach in earnálacha amhail an cultúr, téamh agus fuarú ceantair, oibreoirí córais dáileacháin, sláinte, oideachas, tithíocht, nó bainistiú dramhaíola, agus chuir sé SIEP faoi bhráid a gcomhaltaí.

Tugadh treocht dhearfach faoi deara i dtéarmaí fheasacht na dtairbhithe féideartha ar SIEP. Léirítear é sin ar an gcéad dul síos le glacadh SIEP agus leis an bpíblíne tionscadal atá á forbairt aici, chomh maith leis an méadú atá ag teacht ar an líon tionscnóirí tionscadail a théann i dteagmháil leis an gCoimisiún maidir le ceisteanna sonracha faoi SIEP. Tá ról ríthábhachtach ag na seirbhísí comhairleacha faoi stiúir BEI a chuirtear chun feidhme faoi Mhol Comhairleach InvestEU maidir le tionscadail a fhorbairt atá oiriúnach do chistiú SIEP ar fud an Aontais. Cuirtear tuilleadh sonraí maidir leis na hiarrachtaí sin i láthair sa chéad chuid eile den tuarascáil seo.

Ina theannta sin, tá iarrachtaí déanta go comhpháirteach ag an gCoimisiún agus ag BEI chun inrochtaineacht SIEP a éascú do thairbhithe agus do thionscadail beaga, chomh maith le níos mó iasachtaí idirghafa a bheith acu le bainc nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atá ann cheana. Ar an gcéad dul síos, laghdaigh an Coimisiún íosmhéid na hiasachta idirghafa i gcomhaontú le BEI ó EUR 2 mhilliún go EUR 1 mhilliún ó bhí mí Mheán Fómhair 2023 ann[21]. Ar an dara dul síos, cuireadh deireadh leis an teorainn a áiríodh sa chomhaontú riaracháin a bhaineann le rannpháirtíocht banc nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh i gcur chun feidhme SIEP mar idirghabhálaithe airgeadais BEI leis an leasú ar an gComhaontú Riaracháin le BEI i mí Mheán Fómhair 2024. I gcomhréir leis na hiarrachtaí sin, cuireadh na chéad tionscadail atá nasctha le hiasachtaí idirghafa isteach le haghaidh glao SIEP ar thograí in 2024, le rannpháirtíocht Bhanc Forbartha Náisiúnta na Seice. Rinne an Coimisiún agus BEI cumarsáid freisin le bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh eile (e.g. DE, PL, SK, NL, SI, BG, IT, FR) maidir lena rannpháirtíocht fhéideartha i gcur chun feidhme SIEP. Mar sin féin, níl sé beartaithe faoi láthair ach institiúidí airgeadais sa Rómáin agus sa Fhrainc a bheith ina n-idirghabhálaithe de chuid BEI agus tionscadail incháilithe a mhaoiniú. Thug BEI agus an

[21] Féach an leasú ar ghlao SIEP ar thograí a tugadh isteach an 25 Meán Fómhair 2023.

Coimisiún aghaidh ar go leor banc forbartha náisiúnta agus réigiúnach chun a rannpháirtíocht fhéideartha a phlé. De réir na meastóireachta eatramhaí, is é an t-éileamh íseal ar an táirge sin sna Ballstáit nó coinníollacha BEI is cúis le glacadh beag idirghabhálaithe airgeadais.

Maidir le gach comhaontú deontais a shínítear, foilsíonn an Coimisiún preaseisiúint i gcomhar le BEI. Ina theannta sin, foilsíonn CINEA deais phoiblí ar líne ina dtugtar le chéile na cláir uile a bhainistíonn sé, lena n-áirítear SIEP. Sa deais tá faisnéis atá cothrom le dáta faoi na tionscadail a dtacaítear leo i ngach clár, déantar crostagairtí dóibh ann agus déantar na sonraí a asbhaint le haghaidh athúsáid fhéideartha. Soláthraíonn Kohesio infheictheacht bhreise do thionscadail SIEP freisin[22] agus faoi Thairseach 'Cistiú agus Tairiscint' an Aontais[23] ina bhfoilsítear fiche tionscadail.

## 4. Cúnamh Teicniúil

Tá seirbhísí Comhairleacha BEI ar fáil faoi Mhol Comhairleach InvestEU chun tionscadail incháilithe a ullmhú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme[24]. Go dtí deireadh mhí Iúil 2025, tugadh cúnamh comhairleach chun tacú le SIEP sa Bhulgáir, sa Chipir, sa tSeicia, sa Ghréig, sa Fhrainc, sa Rómáin, sa Spáinn agus sa tSualainn[25]. Tá liosta na sanntaí comhairleacha le fáil in Iarscríbhinn 4. Thairis sin, tá sannadh cothrománach ar fud an Aontais á sheoladh in 2025 arb é is aidhm dó feasacht a mhúscailt roimh an dara glao ar SIEP, píblíne tionscadal incháilithe a ghiniúint agus tacú le tionscnóirí tionscadail ar fud an Aontais (seachas an Ghréig agus an Chipir a bhaineann tairbhe as sannadh comhairleach spriocdhírithe) chun tionscadail rathúla a dhearadh le haghaidh tacaíocht ó SIEP. Is é is cuspóir don sannadh uile-Aontais atá beartaithe creat a chur ar fáil chun cineálacha éagsúla tacaíochta comhairlí a dhearadh, a sholáthar agus a sheachadadh do SIEP ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, agus ar an gcaoi sin an éifeachtúlacht a uasmhéadú maidir leis na seirbhísí comhairleacha a chur in úsáid sna 3 bliana amach romhainn.

Tá raon feidhme ag tacaíocht sheirbhísí comhairleacha BEI agus cuirtear in oiriúint í do riachtanais shonracha tionscnóirí tionscadail aonair agus bhí idir threoraíocht fhoriomlán ann maidir le tionscadail oiriúnacha a shainaithint, tacaíocht réamhtheachtach maidir le cláir infheistíochta a ullmhú, comhairle maidir le forbairt tionscadal agus tacaíocht iarratais le haghaidh dheontais SIEP. Ina theannta sin, bhí BEI i mbun scagtha, an raon feidhme a mheas agus scaipthe chun tionscadail a shainaithint agus chun tacú leo, ar tionscadail iad a d'fhéadfadh tairbhiú de mhaoiniú faoi SIEP.

Ar bhonn an taithí tosaigh sin agus chun tacú leis an ngá atá ann borradh a chur faoi éileamh ar thacaíocht ó SIEP amach anseo (féach na mionsonraí i Roinn 5), tá sé beartaithe ag BEI dul chun cinn a dhéanamh le gníomhaíochtaí comhairleacha feadh cúig shruth oibre:

i. **Comhairle dhíreach** a thabhairt do thionscnóirí aonair, iasachtaithe iasachtaí infheistíochta neamhspleácha, trí réimse leathan seirbhísí comhairleacha i gcéimeanna ullmhúcháin agus cur chun feidhme, lena n- áirítear cúnamh le hiarratais ar dheontais;

ii. **Tacaíocht fothaithe acmhainneachta** d'institiúidí neamhbhainc, a ghníomhaíonn de ghnáth mar chomhbhailitheoirí tionscadal beag, chun acmhainneacht riaracháin agus oibríochtúil a fhorbairt chun roinnt fothionscadal a scagadh, a roghnú, a chur in ord tosaíochta ar bhealach éifeachtach, faireachán a dhéanamh orthu nó chun iad a chomhordú ar bhealach eile;

22 Féach Tionscadail arna gcómhaoiniú ag an Aontas.
23 Féach Tairseach 'Cistiú agus Tairiscint' an Aontais.
24 Féach tuilleadh sonraí i Roinn 2.1.4 den chéad tuarascáil ar chur chun feidhme SIEP agus i Roinn 2.2 den dara tuarascáil ar chur chun feidhme SIEP.
25 Seoladh cuid de na gníomhaíochtaí comhairleacha sa Chipir, sa Ghréig agus sa Fhrainc sula raibh SIEP i bhfeidhm agus dá bhrí sin cistíodh iad ó fhoinsí eile, amhail an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (an Ghréig) agus Ionú Beartais um Bonneagair Inbhuanaithe Mhol Comhairleach InvestEU (an Chipir agus an Fhrainc).

iii. **Tacaíocht chomhairleach 'indíreach'** do thairbhithe deiridh iasachtaí idirghafa nó creatiasachtaí trí phacáistí tacaíochta caighdeánaithe ar a bhfuil measúnú déanta ar a raon feidhme chun feabhas a chur ar fhóntacht na dtograí agus ar chomhlíonadh na mbeartas iasachtaithe is infheidhme;

iv. **Comhairle maidir le forbairt margaidh** ar leibhéal na mBallstát chun éileamh féideartha ar thacaíocht SIEP a shainaithint agus chun a shuí an bhfuil na táirgí airgeadais ó SIEP atá ar fáil oiriúnach;

v. **Scagadh, raon feidhme a mheas agus scaipeadh** chun úsáid na saoráide a chur chun cinn, chun tionscadail oiriúnacha a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh agus chun treoraíocht fhoriomlán a thabhairt maidir le hiarratais ar dheontais SIEP.

I gcomhlántacht leis na seirbhísí a thairg BEI trí Mhol Comhairleach InvestEU, chuir an Coimisiún seirbhísí comhairleachta in úsáid arna iarraidh sin don Ghréig, don tSlóvaic, agus don tSeicia) agus arb é is aidhm dóibh feasacht a mhúscailt faoi SIEP agus liostaí de thograí tionscadail a shainaithint agus a fhorbairt. Is é an Coimisiún a chuireann an cúnamh teicniúil ar fáil don tSeicia agus tugtar tacaíocht don tSlóvaic faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[26]. Soláthraítear raon leathan seirbhísí faoin dá chonradh, i measc nithe eile feasacht a mhúscailt, slógadh tairbhithe féideartha i réigiúin an phlean críochaigh um aistriú cóir, chomh maith le smaointe tionscadail a scagadh.

Tá an Ghréig ag baint tairbhe as tacaíocht níos leithne faoin ionstraim um thacaíocht theicniúil chun na trí cholún uile den Sásra um Aistriú Cóir a chur chun feidhme. Ina theannta sin, d'iarr an Ghréig tacaíocht a bhí ar fáil faoi Réamhobair maidir leis an Ardán um Aistriú Cóir[27] chun tionscadail a shainaithint agus chun tograí tionscadail a ullmhú ina dhiaidh sin a bheadh le cur isteach le haghaidh cistiú SIEP i réigiún na Peilipinéise.

Glacann an Coimisiún agus BEI páirt i bhfaireachán ar chur chun feidhme tascanna comhairliúcháin chun comhlántacht lena ngníomhaíochtaí comhairleacha sna Ballstáit is tairbhithe a áirithiú.

## 5. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Seolfar an dara glao ar thograí sa dara leath de 2025, i gcomhréir le Rialachán SIEP. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin is gá le haghaidh fhoilsiú an ghlao go luath in 2025. Tá trí sprioc-am aighneachta beartaithe ag an gCoimisiún in 2026 agus beidh an sprioc-am aighneachta deiridh ar siúl i mí Feabhra 2027 chun go mbeidh go leor ama ann chun na comhaontuithe deontais uile a shíniú roimh dheireadh 2028.

Leanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le CINEA agus le BEI, de bheith ag múscailt feasachta faoi SIEP chun a áirithiú go dtuigeann iarratasóirí féideartha a bhfuil á tairiscint léi agus go mbeidh siad in ann iarratas a dhéanamh ar thacaíocht. Eagrófar Lá Faisnéis go luath tar éis fhoilsiú an dara glao.

Faoi shainordú a Mhol Comhairleach InvestEU, leanfaidh BEI de chur chun feidhme SIEP féideartha a shainaithint agus a scagadh, trí thacaíocht chomhairleach a sholáthar do thionscnóirí tionscadail agus d'údaráis ábhartha, agus trí chruinnithe agus imeachtaí tiomnaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

---

[26] Ionstraim um thacaíocht theicniúil (europa.eu).

[27] Inforegio - Ciste um Aistriú Cóir (europa.eu).

## 6. CONCLÚIDÍ

Is ionstraim í an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí lena bhféachtar lena áirithiú go ndéanfar an t- aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach ar bhealach atá cóir agus inbhuanaithe go sóisialta, i bhfianaise an phríomhróil atá ag an earnáil phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh. Leis na pleananna críochacha um aistriú cóir a glacadh le déanaí mar aon leis an athbhreithniú meántéarma atá ar siúl faoi láthair ar an mbeartas comhtháthaithe (lena n-áirítear pleananna críochacha um aistriú cóir), tacaítear le hábharthacht leanúnach SIEP chun freastal ar riachtanais reatha na réigiún is mó a dhéanann an t-aistriú glas difear dóibh.

Mar gheall ar an réimse mór earnálacha ar féidir le SIEP tacú leo, tá sé ábhartha maidir le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus maidir le cuspóir na haeráidneodrachta san Aontas faoi 2050 agus é á áirithiú ag an am céanna nach bhfágfar aon duine ná aon réigiún ar lár, rud a deimhníodh leis an meastóireacht.

Tá sé beagnach 3 bliana ó seoladh an chéad ghlao ar thograí SIEP agus tá méadú ag teacht ar líon na dtograí tionscadail atá á gcur isteach, agus níos mó tionscadal féideartha á n-ullmhú. Thairis sin, le dearadh SIEP, mar a léirítear i roinnt tionscadal a formheasadh cheana, is féidir aghaidh a thabhairt freisin ar roinnt tosaíochtaí beartais nua de chuid an Choimisiúin nua, amhail aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta. Thairis sin, rannchuidíonn formhór na dtionscadal roghnaithe go díreach le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais trí astaíochtaí $CO_2$ a shábháil.

Faoin 31 Iúil 2025, roghnaigh coiste meastóireachta SIEP tograí tionscadail arb ionann iad agus méid measta deontais de thart ar EUR 225 mhilliún. Síníodh deich gcomhaontú deontais ar an iomlán agus tá tús curtha le cur chun feidhme na dtionscadal comhfhreagrach.

Leanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le CINEA agus BEI, de bheith ag obair chun acmhainneacht iomlán SIEP a bhaint amach le linn an dara glao, ag críochnú in 2027, trí aghaidh a thabhairt freisin ar thorthaí na meastóireachta.